ISSN 1725-2571

**Eagrán Speisialta ***
**14 Deireadh Fómhair 2009**

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Leathanach

V *Fógraí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

**An Foras Eorpach chun Dalaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú**

Folúntas do Stiúrthóir (Grád AD14) ag an bhForas Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) i mBaile Átha Cliath — Tagairt: EF/TA/09/15 ............................................ 1

* Faoin tagairt C 246 A a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla an Aontais.

V

*(Fógraí)*

# NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

# AN FORAS EORPACH CHUN DALAÍ MAIREACHTÁLA AGUS OIBRE A FHEABHSÚ

## FOLÚNTAS DO STIÚRTHÓIR (GRÁD AD14)

## AG AN BHFORAS EORPACH CHUN DÁLAÍ MAIREACHTÁLA AGUS OIBRE A FHEABHSÚ (EUROFOUND) I MBAILE ÁTHA CLIATH

## TAGAIRT: EF/TA/09/15

(2009/C 246 A/01)

Iarrtar ar iarrthóirí aird chúramach a thabhairt ar an bhfógra comórtais seo agus gan ach an fhoirm iarratais oifigiúil a úsáid.

### I. CÉ MUID

Bunaíodh an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) i mBaile Átha Cliath ag Rialachán ón gComhairle (CEE) Uimh. 1365/75 an 26 Bealtaine 1975 ([1]).

Is é cuspóir Eurofound ná cabhrú leis an bpleanáil agus leis an mbunú de dhálaí maireachtála agus oibre níos fearr bunaithe ar ghníomhartha atá ceaptha chun eolas a bheadh ina chabhair don fhorbairt seo, a mhéadú agus a scaipeadh.

Tá sé de chúram air tuairimí faoin bhfeabhsú meántéarmach agus fadtéarmach de dhálaí maireachtála agus oibre a fhorbairt agus a chur i gcrích de réir taithí praiticiúla agus chun fachtóirí as a dtagann athrú a aithint. Ceanglaítear ar Eurofound na beartais Chomhphobail ábhartha a chur san áireamh nuair atá a chuid tascanna á gcomhlíonadh aige. Cuireann sé comhairle ar Institiúidí an Chomhphobail faoi chuspóirí agus treoirlínte intuartha trí fhaisnéis eolaíoch agus sonraí teicniúla, ach go háirithe, a chur ar aghaidh chucu. Bíonn na páirtithe sóisialta páirteach sna gníomhartha a dtugann sé faoi.

Is é gnó lárnach Eurofound ná taighde a dhéanamh agus torthaí an taighde sin a chur in iúl. Tugann sé faoi thionscadail taighde agus forbartha chun sonraí agus anailís a sholáthar a thugann eolas agus tacaíocht do cheapadh bheartas an AE maidir le dálaí maireachtála agus oibre. Tá líonra saineolaithe ag Eurofound ar fud na hEorpa a dhéanann taighde thar a cheann, lena n-áirítear staideanna náisiúnta reatha a mheas, cás-staidéir agus tuairiscí náisiúnta a ullmhú chomh maith le suirbhéanna a eagrú. Mar chuid dá bhonn taighde, coinníonn Eurofound roinnt uirlisí monatóireachta: Réadlann Caidrimh Thionsclaíoch na hEorpa (EIRO); Réadlann Dálaí Oibre na hEorpa (EWCO) lena n-áirítear suirbhéanna rialta ar dhálaí oibre; suirbhéanna ar Cháilíocht Beatha san Eoraip; an Lárionad Eorpach um Fhaireachán ar Athrú (EMCC); Monatóir Athstruchtúrú na hEorpa (ERM).

([1]) IO L 139, 30.5.1975, lch.1.

Tá Bord Rialúcháin ag Eurofound le hionadaithe ó Rialtais agus eagraíochtaí Fostóirí agus Fostaithe Bhallstáit uile an AE, agus ón gCoimisiún Eorpach. Tá a shuíomh aige i mBaile Átha Cliath agus faoi láthair tá buiséad thart ar €20 milliún aige chomh maith le foireann údaraithe de 101 duine. Earcaítear foireann Eurofound ó Bhallstáit an AE agus tá raon leathan taithí agus cúlraí gairmiúla acu. Coinníonn Eurofound Oifig Idirchaidrimh sa Bhruiséil freisin, a bhfuil an ról déach aici chun infheictheacht agus tionchar thaighde Eurofound a threisiú ag leibhéal an AE, agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí i ndéanamh beartais

## II. MOLAIMID

Is é an Stiúrthóir an t-ionadaí dlíthiúil agus aghaidh phoiblí Eurofound agus tá sé freagrach don Bhord Rialúcháin. Tá an Stiúrthóir freagrach as na feidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh:

— Eurofound a stiúradh is a bhainistiú agus cinntí an Bhoird Rialúcháin a chur i bhfeidhm,

— Straitéis agus clár oibre Eurofound a fhorbairt ar aon dul le cinntí an Bhoird Rialúcháin,

— Lánfhreagracht as cúrsaí airgeadais Eurofound a fheidhmiú de réir Airteagal 142 ó na rialacháin Airgeadais a bhaineann le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach,

— Ionadaíocht agus caidreamh poiblí éifeachtach Eurofound a chinntiú ag an leibhéal is sinsearaí dá chuid déileálacha leis na hInstitiúidí agus comhlachtaí Eorpacha ar fud an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear ionadaíocht Eurofound a dhéanamh ag comhdhálacha, seimineáir agus imeachtaí na meán cumarsáide,

— Údarás ar fhoireann Eurofound a fheidhmiú, lena n-áirítear iad a earcú, na cáilíochtaí a éilítear uathu a shonrú nó iad a bhriseadh as a bpost,

— Gníomhaíochtaí an Bhoird Rialúcháin a ullmhú agus cuntas faoi reáchtáil Eurofound a thabhairt don Bhord Rialúcháin,

— Clár oibre bliantúil, agus clár Ceithre Bliana a dhearadh le haghaidh fhormheas an Bhoird Rialúcháin, ag tabhairt airde ar thuairimí Institiúidí an Chomhphobail agus an Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta,

— Cáilíocht obair Eurofound a chinntiú agus a cháil mar cheannródaí aitheanta ina réimse saineolais a fhorbairt.

Suíomh gréasáin um a thuilleadh eolais: http://www.eurofound.europa.eu/index.htm

## III. TÁIMID AG LORG

De rogha, ba chóir d'iarrthóirí na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

— Ba chóir go mbeadh scileanna bainistíochta agus ceannasaíochta dea-fhorbartha acu, dearbhaithe i dtimpeallacht idirnáisiúnta;

— Ba chóir go mbeadh an té a cheaptar in ann fís a fhorbairt maidir le conas a d'fhéadfadh Eurofound aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua atá ag fás sa timpeallacht oibre.

— Ba chóir go mbeadh taithí ábhartha ghairmiúil acu i réimse na ndálaí maireachtála agus oibre;

— Ba chóir go mbeadh dea-cháil eolaíoch orthu, léirithe ag foilseacháin agus/nó obair taighde;

— Ba chóir go mbeadh ardscileanna idirphearsanta agus láithreoireachta acu;

— Ba chóir go mbeadh siad in ann idirghníomhú agus caibidliú ag leibhéal ardbhainistíochta le hInstitiúidí an Aontais Eorpaigh, le húdaráis phoiblí agus le raon páirtithe sóisialta agus, de rogha, bheadh taithí acu sa réimse seo;

— Ba chóir go mbeadh tuiscint mhaith acu ar Institiúidí AE agus ar conas a oibríonn is a idirghníomaíonn siad, ar bheartais AE agus ar ghníomhartha idirnáisiúnta atá ábhartha do ghníomhartha Eurofound;

— Ba chóir go mbeadh eolas maith acu ar theangacha eile an Aontais Eorpaigh le bheith in ann oibriú go héifeachtach in Eurofound agus lena chomhlaigh phearsanta agus institiúideacha.

IV. **RIACHTANACH D'IARRTHÓIRÍ**

Le bheith incháilithe don chéim roghnaithe, ní mór d'iarrthóirí na critéir fhoirmiúla seo a leanas a chomhlíonadh faoin dáta deiridh d'iarratais:

— bheith ina náisiúnach de Bhallstát an Aontais Eorpaigh,

— céim Ollscoile nó Dioplóma. Ní mór go bhfuil:

  — .leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéir ollscoile curtha i gcrích agus dearbhaithe ag dioplóma nuair is tréimhse cheithre bliana ollscolaíochta nó níos mó atá i gceist, nó

  — .leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéir ollscoile curtha i gcrích agus dearbhaithe ag dioplóma agus taithí ghairmiúil ábhartha de bhliain amháin ar a laghad nuair is tréimhse thrí bliana ollscolaíochta ar a laghad atá i gceist (ní féidir an taithí ghairmiúil a chur san áireamh leis an taithí ghairmiúil iar-ollscoile atá riachtanach thíos faoi seo),

— taithí Ghairmiúil: Ní mór go bhfuil ar a laghad 15 bliana de thaithí iar-ollscoile acu i ndiaidh dóibh an cháilíocht riachtanach thuasluaite a bhaint amach,

— taithí Ghairmiúil Ábhartha: Sna 15 bliana de thaithí ghairmiúil, ní mór go bhfuil ar a laghad 5 bliana i réimse ghníomhartha Eurofound,

— taithí Bhainistíochta; Ní mór go bhfuil ar a laghad 5 bliana de thaithí ghairmiúil acu i bhfeidhmíocht ag ardleibhéal bainistíochta lena n-áirítear freagracht as bainistiú foirne agus airgeadais,

— ní mór go bhfuil eolas críochnúil ar theanga oifigiúil amháin an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil ar theanga eile an Aontais acu. Ní mór go bhfuil Béarla maith acu ós is é an Béarla teanga oibre Eurofound,

— ní mór go mbeidh siad in ann teistiméireachtaí carachtair a thabhairt maidir lena n-oiriúnacht chun na dualgais atá sainithe a chomhlíonadh,

— ní mór go mbeidh siad in ann an mhandáid de chúig bliana a chomhlíonadh roimh an aois scoir, sainítear sin do chonraitheoirí sealadacha mar dheireadh na míosa ina mbainfidh an duine 65 bliain d'aois amach.

*Neamhspleáchas agus dearbhú leasa*

Ceanglófar ar an Stiúrthóir fógra a thabhairt faoi thiomantas chun feidhmiú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus fógra a thabhairt i ndáil le haon leas is inmheasta mar leas dochrach dá neamhspleáchas. Ní mór d'iarrthóirí a dtoilteanas chuige sin a dhearbhú ina n-iarratas.

V. **ROGHNÚ AGUS CEAPADH**

Ceaptar an Stiúrthóir ag an gCoimisiún Eorpach ó liosta iarrthóirí a chuirtear faoina bhráid ag Bord Rialúcháin Eurofound. Bunófar an nós imeachta roghnaithe ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais agus ar shraith d'agallaimh agus scrúduithe ina dhiaidh sin, de réir mar a mhínítear seo thíos.

1. Déanfaidh an Coiste Réamhroghnaithe, le cúnamh ó chomhairleoir seachtrach, scrúdú ar na hiarratais agus ullmhófar dréachtliosta de na hiarrthóirí leis na cáilíochtaí is fearr a chomhlíonann na critéir incháilitheachta (cuid IV) agus is mó a chomhlíonann critéir roghnaithe (cuid III) an phoist.

2. Féadfar cuireadh a thabhairt do na hiarrthóirí is fearr cáilithe chuig agallamh, b'fhéidir trí mheán an teileafóin, agus chuig scrúdú le comhairleoirí seachtracha thar cheann an Choiste Réamhroghnaithe. Bunaithe ar thorthaí na n-agallamh agus na scrúduithe seo, dréachtóidh an coiste réamhroghnaithe liosta de na hiarrthóirí is oiriúnaí. Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí seo chuig agallamh leis an gCoiste Réamhroghnaithe a bhunóidh gearrliosta iarrthóirí. Scrúdófar líofacht ó bhéal agus i scríbhinn na n-iarrthóirí i roinnt de na teangacha nó sna teangacha uile liostaithe ar a gcuid iarratas. Cuirfear an gearrliosta ón gcéim seo faoi bhráid Bhord Rialúcháin Eurofound lena dhearbhú. Cuirfidh an Bord Rialúcháin an gearrliosta faoi bhráid an Choimisiúin.

3. Tabharfaidh an Coiste Comhairleach ar Cheapacháin (CCA) cuireadh chuig na hiarrthóirí a cuireadh ar an ngearrliosta ag Eurofound chun teacht chuig agallamh agus caithfidh siad dul faoi scrúdú ag ionad measúnaithe a eagraítear ag comhairleoirí earcaíochta seachtracha. Cuirfear na hiarrthóirí, a chuirtear ar an ngearrliosta ag an CCA, faoi agallamh ag na Coimisinéirí ábhartha.

4. I ndiaidh na n-agallamh sin, ceapfaidh an Coimisiún Stiúrthóir Eurofound. Caithfidh an t-iarrthóir rathúil an post a ghlacadh taobh istigh de thrí mhí ón am a ainmnítear é ag an gCoimisiún.

*Comhdheiseanna*

Cuireann an Foras beartas deiseanna comhionanna agus neamh-idirdhealaithe i bhfeidhm ar aon dul le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne ([1]).

VI. **COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA**

Ceapfar an Stiúrthóir mar bhall de na gníomhairí sealadacha ag grád AD 14 de bhun Airteagal 2a de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach ([2]), ar feadh cúig bliana. Féadfar an tréimhse oifige a athnuachan.

*Áit fostaíochta*

Fostófar an té a cheapfar i mBaile Átha Cliath, Éire. Ní mór dul chun cónaithe taobh istigh d'achar réasúnta ó oifigí Eurofound.

*Luach Saothair*

Beidh luach saothair bunaithe ar scála tuarastal an Chomhphobail. Tá pá faoi réir cháin an Chomhphobail agus asbhaintí eile leagtha amach sna Rialacháin Foirne. Mar sin, tá sé saor ó aon chánachas náisiúnta

Tá an pá faoi réir fhachtóir ualaithe na hÉireann, a sheasann ag 121.9 % faoi láthair.

([1]) IO L 124, 27.4.2004, lch.1 — http://eur-lex.europa.eu/en/index.htm
([2]) IO L 124, 27.4.2004, lch.1 — http://eur-lex.europa.eu/en/index.htm

VII. **IARRATAIS**

*Nós imeachta um iarratais*

Chun go mbeidh iarratais bailí, ní mór d'iarrthóirí na cáipéisí seo a chur isteach:

1. litir faoina spreagadh;

2. Curriculum Vitae (CV) i saor-fhormáid. Ba chóir an CV a dhréachtadh trí fhormáid an Europass CV a úsáid ([1]). ***Iarrtar go sonrach ar iarrthóirí cuntas gearr a thabhairt agus a aibhsiú maidir leis an taithí agus saineolas ábhartha atá acu don phost chomh maith le sonraí faoi mhéid –baill foirne- faoi bhuiséad agus faoi chineál na ranna a bhí faoina mbainistiú roimhe seo.***

3. foirm iarratais líonta isteach. Ba chóir d'iarrthóirí an fhoirm iarratais oifigiúil a bhaineann leis an bhFógra Folúntais seo ar shuíomh gréasáin Eurofound ag www.eurofound.europa.eu. Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach as Béarla.

Ní mór do dhaoine a bhfuil suim acu sa phost seo na cáipéisí sin a chur isteach tríd an **Eurofound online recruitment system**. (http://www.eurofound.europa.eu/about/vacancies/index.htm)

**Tar éis duit d'iarratas a chur isteach, aithneofar sin go huathoibríoch le rphost ón gcóras a thabharfaidh d'uimhir iarrthóra duit** .Úsáid d'uimhir iarrthóra le do thoil i ngach comhfhreagras i ndiaidh é sin.

Diúltófar iarratais neamhiomlána.

Ní gá cáipéisí tacaíochta a chur isteach ag an bpointe seo (e.g. cóipeanna dearbhaithe de chéimeanna/dioplómaí, teistiméireachtaí, fianaise de thaithí, etc.) ach ní mór iad a chur isteach níos déanaí sa phróiseas má iarrtar amhlaidh.

Chun an nós imeachta roghnaithe a éascú, beidh an comhfhreagras leis na hiarrthóirí go léir maidir leis an bhfolúntas seo as Béarla.

*Spriocdháta*

Le bheith bailí, **ní mór iarratais a fháil anseo roimh 14.00 (/GMT) ar an 25 Samhain 2009.**

*Faisnéis thábhachtach d'iarrthóirí*

— Iarrtar ar iarrthóirí aon athrú maidir lena seoladh, uimhir theileafóin nó rphost, chomh maith lena n-uimhir iarrthóra, a chur in iúl i scríbhinn gan aon mhoill do Rúnaí an Chomórtais. Mr Raymond Comerford, Head of Human Resources, Eurofound, Wyattville Road, Loughlinstown, Co Dublin, email: rac@eurofound.europa.eu,

— Agus iad ag ullmhú a n-iarratais, ní féidir le hiarrthóirí tagairt dá laghad a dhéanamh do cháipéisí, iarratais nó foirmeacha eile a cuireadh isteach maidir le hiarratais roimhe sin,

— Éileofar ar iarrthóirí rathúla a fhaigheann cuireadh chuig agallamh cóipeanna dá ndioplómaí, dá gcáilíochtaí acadúla agus dá dteastais fhostaíochta chomh maith le dearbhú náisiúntachta agus grianghraf amhail grianghraf pas, a tógadh le déanaí, a sholáthar,

([1]) Is féidir an Europass CV a íoslódáil ón suíomh gréasáin: http://europass.cedefop.europa.eu/htm/index.htm

— Ní thabharfar cáipéisí tacaíochta ar ais d'iarrthóirí,

— Deimhnigh le do thoil go bhfuil an seoladh ríomhphoist a tugadh i d'iarratas tugtha i gceart (agus nach bhfuil do bhosca ríomhphoist lán), mar déanfar an chuid is mó den chomhfhreagras le ríomhphost,

— Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí go bhfuil an nós imeachta roghnaithe chomh maith leis na breithnithe faoi rún. Tá sé toirmiscthe go ndéanfadh iarrthóirí teagmháil dhíreach nó indíreach le haon duine atá páirteach sa nós imeachta roghnaithe nó go ndéanfadh aon duine eile an teagmháil sin ar son an iarrthóra. Ba chóir fiosruithe nó iarratais ar fhaisnéis nó ar cháipéisí maidir leis an gcomórtas a sheoladh chuig Rúnaí an Chomórtais: Mr Raymond Comerford,

— Cosnaíonn an Coimisiún an ceart chun spriocdháta an fholúntais a shíneadh le fógra a chur in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* amháin.

VIII. **COSAINT SONRAÍ PEARSANTA**

Cinnteoidh an Coimisiún agus Eurofound araon go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí ar aon dul leis an Rialachán (CE) Uimh 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin ([1]). Má tá aon cheisteanna ag an iarrthóir maidir le próiseáil a s(h)onraí pearsanta, seolfaidh sé/sí iad chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí, An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, Bóthar Wyattville, Baile Átha Cliath 18, Éire.

([1]) IO L 8, 12.1.2001, lgh. 1.

**ATHBHREITHNIÚ AR IRISÍ OIFIGIÚLA C A 'COMÓRTAS'**

Anseo thíos gheobhaidh tú liosta de na heagráin C A a foilsíodh le linn na bliana reatha.
Mura gcuirtear a mhalairt in iúl, foilsítear leagan den IO i ngach teanga.

| | |
|---|---|
| 9 | (DE/EN/FR) |
| 10 | (IT) |
| 12 | (DE/FR) |
| 13 | |
| 14 | (DE/EN/FR) |
| 16 | (DE/EN/FR) |
| 17 | (BG/ET/LT/LV/MT/RO) |
| 20 | |
| 21 | (DE/EN/FR) |
| 23 | |
| 24 | (DE/FR/NL) |
| 25 | (BG/ET/LT/LV/MT/RO) |
| 28 | (DE/EN/FR) |
| 34 | (FR) |
| 36 | (GA/EN) |
| 37 | |
| 38 | |
| 39 | (SV) |
| 41 | (DE/EN/FR) |
| 42 | (EN) |
| 45 | |
| 46 | (DE/EN/FR) |
| 47 | |
| 52 | (DA/FI/MT) |
| 58 | (DE/EN/FR) |
| 59 | (DE/EN/ES/FR/PT/SV) |
| 62 | (BG/CS/LT/LV/MT/PL/RO/SK) |
| 63 | |
| 70 | |
| 71 | |
| 75 | (DE/EN/FR) |
| 80 | (FR) |
| 84 | (BG/RO) |
| 86 | |
| 91 | |
| 93 | (BG/RO) |
| 94 | |
| 95 | |
| 97 | (DE/EN/FR) |
| 98 | |
| 99 | (GA/EN) |
| 103 | |
| 104 | (CS/PL) |
| 105 | |
| 106 | |
| 107 | (DE/EN/FR) |
| 109 | (ET) |
| 114 | |
| 115 | (PL) |
| 116 | |
| 117 | |
| 118 | (EL) |
| 119 | |
| 121 | (BG/CS/LT/LV/MT/PL/RO/SK) |
| 124 | (FI) |
| 130 | |
| 131 | (SV) |
| 132 | |
| 133 | |
| 134 | (DE/EN/FR) |
| 137 | |
| 138 | (DE/EN/FR) |
| 139 | |
| 142 | (EN/FR) |
| 143 | (ET/GA/PL/SL) |
| 145 | (BG/CS/LT/LV/RO/SK) |
| 149 | (EN) |
| 150 | |
| 155 | (BG/RO) |
| 160 | (BG/CS/LT/LV/MT/PL/RO/SK) |
| 165 | |
| 170 | (BG/CS/LT/LV/MT/PL/RO/SK) |
| 172 | (EN) |
| 174 | (EL) |
| 176 | (ES) |
| 177 | (DE/EN/FR) |
| 189 | |
| 194 | |
| 207 | |
| 222 | (FR) |
| 225 | |
| 231 | (NL) |
| 234 | |
| 236 | |
| 237 | (SV) |
| 239 | (DE/EN/FR) |
| 242 | |
| 246 | |

## COSTAS SÍNTIÚIS 2009 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

| | | |
|---|---|---|
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 1 000 sa bhliain (*) |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 100 sa mhí (*) |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + dlúthdhiosca ROM bliantúil | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 1 200 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 700 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 70 sa mhí |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 400 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 40 sa mhí |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, dlúthdhiosca ROM míosúil (carnach) | 22 teanga oifigiúla an AE | EUR 500 sa bhliain |
| Forlíonadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, dlúthdhiosca ROM, dhá eagrán sa tseachtain | Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE | EUR 360 sa bhliain (=EUR 30 sa mhí) |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C - comórtais earcaíochta | Teanga(cha) de réir comórtais(as) | EUR 50 sa bhliain |

| | | |
|---|---|---|
| (*) Á díol de réir uimhreach: | suas go 32 leathanach: | EUR 6 |
| | ó 33 go 64 leathanach: | EUR 12 |
| | níos mó ná 64 leathanach: | Praghas socraithe i ngach cás. |

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Cuimsíonn sí dhá shraith, L (Reachtaíocht) agus C (Cumarsáid agus Faisnéis).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

De réir Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl de cheangal, go sealadach, ar Institúidí an Aontais Eorpaigh na gníomhartha go léir as Gaeilge a tharraingt suas ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Déantar na hIrisí Oifigiúla a fhoilsítear as Gaeilge a dhíol ar leithligh don phobal.

Is éard atá san Fhorlíonadh den Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomlán ar dhlúthdhiosca ROM ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat Iarscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi Iarscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

## Díolacháin agus síntiúis

Tá na foilseacháin a eisíonn an Oifig Foilseachán, agus a gcaithfear íoc astu, ar fáil inár n-oifigí díolachán. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán ghréasán na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

**Tairiscíonn EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an dlí-eolaíocht agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.**

**Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: http://europa.eu**

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA